Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 12

01 Nollaig 2017

Bailiúchán Bia na Nollag Chumann Naomh Uinseann de Pól

Mar chuid dá dtionscnamh gníomhach sa rang OSSP, thug daltaí 2G cuireadh chuig Clare Mander ó Chumann Naomh Uinseann de Pól teacht isteach agus labhairt leo faoin obair atá ar bun ag an gcarthanacht in Éirinn agus ar fud an domhain. Spreag an chaint sin na daltaí chun tabhairt faoi bhailiúchán bia na Nollag Chumann Naomh Uinseann de Pól. D'iarr an rang ar gach rang sa scoil bia de shaghas éigin a thabhairt isteach cuir i gcás earraí neamhmheatacha mar rís, málaí tae, brioscaí, cannaí, pasta agus araile. Tá an rang ag bailiú an bhia gach lá roimh scoil agus ag am lóin taobh amuigh d'oifig na scoile. An sprioc don bhia ar fad a bheith bailithe ná Dé hAoine 8 Nollaig.

Lúthchleasaíocht

Ghlac Liam ón Idirbhliain páirt i gCraobh na hÉireann sa rith ag an deireadh seachtaine.

Cuimhneachán na Marbh

Chruthaigh ranganna reiligiúin Brian an crann seo le cuimhneachán a dhéanamh ar na mairbh.

Béal Feirste

Bhí turas den scoth ag daltaí 4C go Béal Feirste. Bhí siad dílis don Ghaeilge a labhairt ó thús go deireadh. D'fhreastail siad ar go leor cainteanna, bhuail siad le club óige agus d'aimsigh siad áiteanna le hithe a raibh seirbhís Ghaeilge ar fáil iontu.

Laethanta Inseirbhíse

Mar a luadh ag tús na bliana, beidh dhá la traenála i mbliana ag foireann na scoile maidir leis an tSraith Shóisearach Nua. Beidh lá Uile-Scoile ann ar an Luan 8 Eanáir. Ní bheidh aon scoil ag na daltaí. Beidh an Cnuaslá ann ar an 19 Feabhra agus arís ní bheidh na daltaí ar scoil.

Tógáil Clainne trí Ghaeilge

Bhí caint an-suimiúil ag daltaí na hIdirbhliana ar an Máirt faoi "Tógáil Clainne trí Ghaeilge". Labhair beirt leo a thóg a gclanna trí Ghaeilge chomh maith le Marcas Mac Ruairí ó Ghlór na nGael go náisiúnta ag an ócáid a d'eagraigh Siobhain ó Cill Dara le Gaeilge (agus atá mar Chathaoirleach ar Sheachtain na Gaeilge do Nás na Ríogh agus na Solláin chomh maith). Ba é an chéad uair a tugadh caint mar sin i meánscoil riamh is cosúil!

Crann na Nollag

Tá na ranganna Teicneolaíochta gnóthach ag ullmhú don Nollag anois. Seo crann nollag atá grúpa san Idirbhliain ag obair air.

Sacar na mBuachaillí

Chaill foireann faoi 17 na mbuachaillí cluiche sacair 4-2 i gcoinne Ros Cré ar an Déardaoin.

Cruinniú Tuismitheoirí / Múinteoirí Bliain 6

Beidh Cruinniú Tuismitheoirí / Múinteoirí Bliain 6 ar siúl ar an Déardaoin, 7 Nollaig, idir 16:15 – 18:45. Críochnóidh na ranganna 15 nóiméad luath ag 15:35. Má tá daltaí ag fanacht ar thuismitheoirí nó má tá páistí óga leis na tuismitheoirí, caithfidh siad fanacht sa halla spóirt leis na tuismitheoirí.

Victor's Dung

Go n-éirí an t-ádh le Brian agus a chomghleacaithe atá ag glacadh páirte i gCraobh na hÉireann sa drámaíocht ag an deireadh seachtaine.

Dátaí Tábhachtacha

5 Nollaig: Bliain 6 ag an Dráma An Triail.

7 Nollaig: Cruinniú Múinteoirí agus Tuismitheoirí Bliain 6 (4:15 – 6:45).

11-12 Nollaig: 4S i mBéal Feirste.

14 Nollaig: Cruinniú Múinteoirí agus Tuismitheoirí Bliain 3 (4:15 – 6:45).

23 Nollaig – 7 Eanáir 2018: Laethanta Saoire na Nollag

8 Eanáir 2018: Cúrsa Inseirbhíse don fhoireann faoin Sraith Shóisearach, scoil dúnta do na Daltaí.

Tá gach eolas reatha ar fáil ar www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine: **"Ní féidir leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal"**

Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 12

01 Nollaig 2017

Christmas Food Collection for St. Vincent de Paul

As part of their active project for the CSPE class, students from 2G invited Clare Mander from St. Vincent de Paul to come in and give a presentation about the work the charity undertakes in Ireland and around the world. This talk inspired the students to undertake the Christmas Food Collection for St. Vincent de Paul. Class 2G have asked every class in the school to bring in some form of food, for example non-perishable goods such as rice, tea bags, biscuits, cans, pasta etc. Class 2G will collect the food every day before school and at lunch time outside of the school office. The deadline for bringing in food is Friday the 8th December.

Athletics

Liam from Transition Year took part in the All-Ireland Championships at the weekend. He put in a good performance.

Remembering the Dead

Brian's religion classes created this tree in memory of those who have passed away.

Belfast

Students from class 4C enjoyed a brilliant trip to Belfast. They made a fantastic effort to speak as Gaeilge from the beginning of the trip until the end. They attended many talks, they met with a youth club and they located places in which to dine that offered them a service through Irish.

In-service Days

As was mentioned at the start of the year, the school staff will receive two training days in the new Junior Cycle this year. There will be a whole school day on Monday 8th January with a second training day specific to each subject taking place on the 19th February. Students will have no school on these days.

Raising a family as Gaeilge

Students from Transition Year heard a very interesting talk on Tuesday about "Raising a family as Gaeilge". Two people who have raised their families as Gaeilge spoke to them as well as Marcas Mac Ruairí from Glór na nGael at this event which was organised by Siobhain from Cill Dara le Gaeilge (and who is also the chairperson for Seachtain na Gaeilge in Naas and Sallins). It appears this is the first time such a talk was ever delivered in a secondary school!

Christmas Trees

The Technology classes are busy preparing for Christmas now. Here is a tree made by some Transition Years

Soccer

The boys under 17 soccer team lost 4-2 against Roscrea on Thursday.



Sixth Year Parent / Teacher Meetings

The Sixth Year Parent / Teacher Meetings will take place on Thursday, 7th December, between 16:45 – 18:45. Classes will finish 15 minutes early at 15:35. If students are waiting with parents or if young children are attending with parents, they must stay in the sports hall with their parents.

Victor's Dung

Best of luck to Brian and his colleagues who are taking part in the All-Ireland Final in drama at the weekend.

Important Dates

5 December: Sixth year go to the drama An Triail.

7 December: 6th year Parent-Teacher meetings (16:15 – 18:45).

11-12 December: 4S in Belfast.

14 December: 3rd year Parent-Teacher meetings (4:15 – 6:45).

23 December – 7 January 2018: Christmas Holidays.

8 January: Staff In-service Training Day, school closed to students.

All up-to-date information available on www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine: "The sandpiper can't attend to the two beaches"